Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9190/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0053(COD)**

**TRANS 184**
**CODEC 818**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6795/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | **Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an 1 Meitheamh 2023**<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún<br>– Díospóireacht bheartais |

1. Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Iompar) an 1 Meitheamh 2023, iarrfar ar na hairí díospóireacht bheartais a thionól maidir leis an gceathrú hathchóiriú ar an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána[1]. D'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra agus ceisteanna (san Iarscríbhinn) chun cabhrú le struchtúr a chur ar an bplé.

[1] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún (6795/23 + ADD 1).

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an páipéar cúlra ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

**An Ceathrú Athchóiriú ar an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána**
**Díospóireacht bheartais na nAirí Iompair ag cruinniú na Comhairle (TTE) an**
**1 Meitheamh 2023**

*Cúlra*

Is réimse de chomhchuibhiú incriminteach an Aontais iad na rialacha maidir le ceadúnais tiomána, a thosaigh in 1980 leis an gcéad Treoir maidir le ceadúnais tiomána. Bhí an t-ollchóiriú deireanach, an tríú leasú a rinneadh in 2006, le cur i bhfeidhm sna Ballstáit trí thrasuí sna rialacha náisiúnta faoi Eanáir 2013. Ghlac an Coimisiún an togra chun an ceathrú hathchóiriú a dhéanamh in ionad na Treorach an 1 Márta 2023 mar chuid den 'phacáiste um shábháilteacht ar bhóithre', tar éis meastóireacht[2] agus measúnú tionchair[3] a dhéanamh.

Is iad na cuspóirí ginearálta a bhaineann le hidirghabháil an Aontais sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus saorghluaiseacht daoine a éascú. Baineann na hidirghabhálacha sonracha le beagnach gach ábhar sa Treoir atá ann faoi láthair, go háirithe scileanna tiomána, eolas agus taithí a fheabhsú, iompraíocht chontúirteach a laghdú, oiriúnacht leordhóthanach fhisiceach agus mheabhrach tiománaithe a sheiceáil, bearta in aghaidh brionnú agus 'siopadóireacht ceadúnais', creat comhair riaracháin, agus bacainní ar an tsaorghluaiseacht a bhaint, lena n-áirítear trí phróisis agus ceanglais riaracháin a shimpliú.

Chuir comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle tús leis an scrúdú ar an togra an 8 Márta 2023. Tá tús curtha ag an Uachtaránacht leis an obair ar thograí comhréitigh[4].

---

[2] Meastóireacht ar Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána, SWD(2022) 17 final, le tacaíocht ó staidéar seachtrach i mí an Mheithimh 2021.

[3] 6795/23 + ADD 2 agus 3.

[4] Díriú ar 'bloic 3 agus 4', ina gcuimsítear Airteagail 8, 10 go 18 agus na hIarscríbhinní gaolmhara.

***Sábháilteacht ar bhóithre***

I gconclúidí 2017 ón gComhairle maidir le sábháilteacht ar bhóithre[5], lena bhformhuinítear 'Dearbhú Vaileite' mar a thugtar air, leagadh amach gealltanais na mBallstát i réimsí éagsúla gníomhaíochta chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a thuilleadh, agus d'éascaigh siad Creat Beartais an Choimisiúin um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030[6], inar gheall an Coimisiún an athuair do sprioc mheántéarma an Aontais, is é sin, líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le 2020, agus d'athdhearbhaigh sé go raibh sé mar aidhm uaillmhianach aige líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú go 0 ar bhóithre an Aontais faoi 2050 ('Fís Nialais').

Is colún tábhachtach den straitéis sin í an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána agus tá sí ar cheann de na cinn is inláimhsithe do shaoránaigh an Aontais.

I measc na n-eilimintí nua nó comhchuibhithe tá an méid seo a leanas:

– Tréimhse phromhaidh 2 bhliain ar a laghad do thiománaithe nuacheadúnaithe a chumhdaíonn gach catagóir ceadúnas tiomána, a bhaineann le grinnscrúdú méadaithe (agus a bhaineann go háirithe le tiomáint faoi thionchar an óil);

– Tiomáint tionlactha gluaisteán agus leoraithe ó 17 mbliana d'aois chun taithí tiomána a fháil;

– Síneadh a chur leis an tréimhse athnuachana rialta do ghluaisrothair agus do ghluaisteáin phaisinéirí go 15 bliana, agus briseadh ag 70 bliain d'aois chun gur féidir measúnú níos minice a dhéanamh ar oiriúnacht tiomána;

– Acmhainní seirbhíse sláinte a fhócasú trí fhéinmheasúnú ar an tsláinte a éileamh mar bheart lenar féidir a chinneadh an gá atá le scrúdú leighis a dhéanamh roimh cheadúnais do ghluaisteáin phaisinéirí agus do ghluaisrothair;

– Cinneadh ar leibhéal an Aontais (an Coimisiún) maidir le leibhéal coibhéiseach sábháilteachta ar bhóithre tríú tír, agus go ndéanfar a gceadúnais tiomána a mhalartú ar bhealach a aithneofar go hiomlán dá bharr.

---

**5** 8666/1/17 REV 1, arna ghlacadh an 8 Meitheamh 2017.
**6** Na chéad chéimeanna eile i dtreo 'Fís Nialais' (SWD(2019) 283 final).

***Nuashonrú teicneolaíoch agus digitiú***

Mar a rinneadh in athchóirithe roimhe seo, ní mór na forálacha atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta maidir le forbairt theicneolaíoch. Tá na heilimintí seo a leanas mar chuid den iarracht seo:

– Beidh ceadúnas gluaisteán paisinéirí bailí go huathoibríoch tar éis 2 bhliain i gcás gluaisteáin bhreosla mhalartaigh níos troime;

– Rochtain níos éasca ar ghluaisteáin tiomána a bhfuil traiseoladh láimhe acu más ar fheithicil uathoibríoch atá an oiliúint á déanamh;

– Cuir leis an tástáil teoirice chun dearcthaí i leith úsáideoirí leochaileacha bóithre a chumhdach, réamhaíocht guaiseacha, rioscaí a bhaineann leis an tiomáint ag úsáid ardchóras cúnaimh tiomána, eolas ar ghnéithe sábháilteachta feithiclí breosla mhalartaigh agus iompraíocht tiomána chun astaíochtaí a theorannú;

– Insamhlóirí a úsáid chun an t-imoibriú ar chásanna guaiseacha a thástáil go praiticiúil.

Is é príomhghné nuachóirithe an togra ceadúnas tiomána digiteach a thabhairt isteach ar bhonn éigeantach[7], agus ba cheart é a bheith ríomhaire-bhunaithe agus fíoraithe go leictreonach. Ba cheart airíonna ceadúnais den sórt sin a fhorbairt in éineacht le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun sainaithint dhigiteach an Aontais a fhíorú ar fud na mBallstát; is é is aidhm dóibh seirbhísí ar líne, ceadúnais soghluaisteachta agus tiomána, sláinte, oideachas, airgeadas digiteach, agus dintiúir taistil a chumhdach. Tá coinne leis na tograí gaolmhara faoi dheireadh 2023. Ba cheart do shealbhóir ceadúnais dhigitigh a bheith in ann an ceadúnas sin a athnuachan nó a mhalartú san Aontas trí thairseach seirbhísí digiteacha arna soláthar ag na Ballstáit. Is é an ceadúnas tiomána digiteach an cineál réamhshocraithe ceadúnais tiomána a eisítear, rud a fhágann go bhfuil sé de rogha ag saoránaigh ceadúnas tiomána fisiceach nó an dá rud a iarraidh.

7 Dá ngairtear an 'ceadúnas tiomána soghluaiste' i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha ISO.

***Ceisteanna:***

1. Dar leatsa, cén chaoi ar féidir leis an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána cur le sábháilteacht tráchta ar na bóithre san Aontas?

2. Cad iad do thuairimí maidir le féinmheasúnú sláinte sula n-eiseofar nó sula n-athnuafar ceadúnas tiomána?

3. An gcuirtear na gnéithe cearta ar fáil sa togra maidir le digitiú agus oiriúnú don fhorbairt theicneolaíoch? Maidir le ceadúnais tiomána digiteacha, cad ba cheart a bheith ina bpríomheilimintí, dar leatsa, maidir lena ndearadh agus lena gcur chun feidhme (e.g. i ndáil le caighdeáin an Aontais, inrialaitheacht, céimniú isteach agus an t-athrú de réir a chéile go ceadúnais fhisiceacha)?